Cuntas Leithreasa 2015

# Vóta 33

# Na hEalaíona, Oidhreacht agus an Ghaeltacht

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 33, tá ceanglas orm gach bliain cuntas leithreasa a ullmhú don Vóta, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste i gcomhair a iniúchta.

Faoir réir an cheanglais sin, tá an cuntas faoi iamh ullmhaithe agam den mhéid a caitheadh sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2015 ar thuarastail agus ar chostais Oifig an Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, lena n-áirítear seirbhísí áirithe arna riar ag an Oifig sin, agus chun fóirdheontais agus deontais áirithe a íoc.

Tá an táirgeacht chaiteachais curtha i gcomparáid leis na suimeanna

a) a cheadaigh Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2015, lena n-áirítear an méid a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar chaiteachas don bhliain agus

b) curtha ar fáil do sheirbhísí soláthair caipitil in 2015 as leithreasaí gan chaitheamh 2014, faoin socrú do ghéilleadh iarchurtha a bunaíodh le halt 91 den Acht Airgeadais, 2004.

Tá barrachas €2.74 milliún dlite i gcomhair géillte don Státchiste.

Tá an Ráiteas faoi na Polasaithe Cuntasaíochta agus na Prionsabail Chuntasaíochta agus Nótaí 1 go 7 ina bpáirt den chuntas seo.

Suas go 31 Nollaig 2014, an dáta sin san áireamh, maoiníodh Dánlann Náisiúna na hÉireann trí mheán a Vóta féin, Vóta 34. D'aistrigh feidhmeanna an Ghailearaí Náisiúnta isteach i Vóta 33, Ealaíon, Oidhreachta & Gaeltachta le héifeacht ón 1 Eanáir 2015.

## Ráiteas faoi Pholasaithe Cuntasaíochta agus Phrionsabail Chuntasaíochta

Tá na polasaithe agus na prionsbabail chaighdeánacha chuntasaíochta do tháirgeadh cuntais leithreasa curtha i bhfeidhm in ullmhú an chuntais, cé is móite den méid seo a leanas:

***Dímheas***

Dímheastar sócmhainní caipitil ar bhonn líne dírí thar thréimhse mheasta a saolré ionchais, ag tosú sa mhí a gcuirtear an tsócmhainn i seirbhís.

Níl maoine stairiúla ar leith cosúil le páirceanna náisiúnta, agus sócmhainní oidhreachta cosúil le déantáin agus lámhscríbhinní, luacháilte.

## Ráiteas ar Rialú Airgeadais Inmheánach

***Freagracht as an gcóras rialaithe airgeadais inmheánach***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, admhaím mo fhreagracht as a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach de rialú airgeadais inmheánach á chothabháil agus á oibriú ag an Roinn.

Feidhmítear an fhreagracht sin i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus na ndualgas eile atá orm mar Ard-Rúnaí. Ina theannta sin, ní féidir le córas ar bith de rialú airgeadais inmheánach ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt go bhfuil sócmhainní cosanta, go bhfuil idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go seachnaítear earráidí agus mírialtachtaí ábhartha nó go n-aimseofaí iad go tráthúil. Is próiseas leanúnach é cothabháil chóras na rialuithe airgeadais inmheánacha agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras féin agus ar a éifeachtaí is atá sé.

Tá mo chuid freagrachtaí i ndáil le riachtanais an Chomhaontaithe um Bainistiú Seirbhíse idir an Roinn agus Ionad Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais comhlíonta agam.

Táim ag brath ar litir dhearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus ó Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe go bhfuil na rialuithe cuí á bhfeidhmiú i soláthar seirbhísí comhroinnte don Roinn.

Mar seo a leanas atá an seasamh i dtaca leis an timpeallacht rialaithe airgeadais, an creat de nósanna imeachta riaracháin, tuairisciú bainistíochta agus iniúchóireacht inmheánach:

***An timpeallacht rialaithe airgeadais***

Dearbhaím go bhfuil timpeallacht um rialú, a chuimsíonn na gnéithe seo a leanas, in áit:

- tá freagrachtaí airgeadais sannta ag leibhéal na bainistíochta agus cuntasacht chomhfhreagrach ag dul leis sin,
- tá socruithe tuairiscithe bunaithe ag gach leibhéal ag a bhfuil freagracht as bainistiú airgeadais sannta,
- tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe i dtaca le teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus gníomh ceartaitheach cuí a chinntiú, agus
- tá Coiste Iniúchóireachta in áit chun comhairle a chur orm agus mé ag comhlíonadh mo chuid freagrachtaí as an gcóras rialaithe airgeadais inmheánach.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Dearbhaím go bhfuil creat de nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta in áit, lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas de tharmligean agus de chuntasacht agus, go háirithe, go bhfuil an méid seo a leanas amhlaidh

- tá córas cuí buiséadaithe ann le buiséad bliantúil a gcoinníonn an bhainistíocht shinsearach faoi athbhreithniú,
- déanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithnithe rialta ar na tuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcoinne na réamhaisnéisí,
- tá córas bainistíochta riosca i bhfeidhm laistigh den Roinn,
- tá córais ann a bhfuil sé mar aidhm acu slándáil na gcóras TFC a chinntiú,
- tá treoirlínte cuí ann do rialú infheistíocht chaipitil agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadal.

Cinntíonn an Roinn go bhfuil fócas cuí ar dhea-chleachtas i gceannach agus go bhfuil nósanna imeachta in áit chun a chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha uile. Tá an Roinn comhlíontach cé is moite de chúig chonradh ar fiú €1,109,449 iad. Bhí na conarthaí seo san áireamh i dtuairisceán Chiorclán 40/2002. Bhain dhá chonradh, arbh fhiú €358,384 iad, le conarthaí nach raibh ag teacht leis na gnáthnósanna imeachta tairisceana ó tharla nach raibh sé cuí ina gcás sin mar gurbh sholáthraithe aonair na soláthraithe a bhí i gceist. Cuireadh síneadh thar bhundáta an chonartha le dhá chonradh arbh fhiú €367,965 iad agus tá céimeanna glactha chun a chinntiú go gcuirfear conarthaí nua in áit in 2016 do na seirbhísí sin. Is conradh eatramhach an conradh eile, ar fiú €383,100 é, a cuireadh in áit tar éis gur cuireadh ar ceal an próiseas tairisceana a reáchtáladh i gcomhar leis an Oifig um Sholáthar Rialtais d'fhonn a chinntiú nach gcuirfí isteach ar sheirbhís ríthábhachtach poiblí le linn cur chun cinn agus cur i gcrích an phróisis atairisceana.

***An tAonad Iniúchóireachta Inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta***

Dearbhaím go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánach ag an Roinn ina bhfuil foireann atá oilte go cuí agus a oibríonn de réir cairte scríofa atá ceadaithe agamsa. Tá obair na feidhme sin bunaithe ar anailís ar rioscaí airgeadais a bhfuil an Roinn neamhchosanta orthu agus tá na pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánacha, a cheadaíonn mise, bunaithe ar an anailís sin. Tá sé mar aidhm leis na pleananna sin na príomhrialuithe a chumhdach ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnach. Déanann mise agus an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánach. Tá nósanna imeachta curtha in áit agam chun a chinntiú go dtarlaíonn gníomh leantach mar thoradh ar thuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

____________________

**Seosamh Ó hÁghmaill**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta

31 Márta 2016

## An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 33 Na hEalaíona, Oidhreacht agus an Ghaeltacht

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithghabhála do Vóta 33 Na hEalaíona, Oidhreacht agus an Ghaeltacht don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2015 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an cuntas san fhoirm a forordaíodh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir na mbeartas cuntasaíochta caighdeánacha agus na bprionsabal do chuntais leithghabhála.

***Freagracht an Oifigigh Chuntasaíochta***

De réir Ailt 22 an Achta um Ranna Státchiste agus Iniúchta 1866, tá iachall ar an Oifigeach Cuntasaíochta an cuntas leithghabhála a ullmhú. De réir an dlí, ní mór an cuntas a chur faoi mo bhráid faoi 31 Márta tar éis deireadh na bliana cuntais.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach freisin as cumhdach na gcistí poiblí agus na réadmhaoine sin atá faoina smacht, as an éifeachtacht agus as an mbarainneacht riaracháin ina Roinn agus as rialtacht agus geanas gach idirbhirt sna cuntais leithreasa.

***Freagracht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste***

Tá iachall orm faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh a dhéanamh ar chuntais leithghabhála gach Vóta agus na tástálacha sin a chur i gcrích a measaim iad a bheith cuí do chuspóir an iniúchta.

Tar éis críochnú iniúchadh cuntais leithghabhála, tá iachall orm teastas a sholáthar a dhearbhaíonn más amhlaidh, i mo thuairim féin, go léiríonn an cuntas go cuí na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an Vóta. Tá iachall orm freisin tagairt a dhéanamh d'aon chás ábhartha mar

- ar theip ar roinn nó ar oifig caiteachas a chur i bhfeidhm a taifeadadh sa chuntas do na cuspóirí a bhí i gceist leis na leithreasuithe a rinneadh ag an Oireachtas, nó
- nach gcloíonn na hidirbhearta a taifeadadh sa chuntas ag cloí leis an údarás faoina maíonn siad a bheith curtha i gcrích.

Faoi Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá iachall orm tuarascáil a ullmhú gach bliain, faoi aon cheisteanna a eascraíonn as m'iniúchadh ar an gcuntas leithghabhála.

***Scóip an iniúchta***

Áirítear mar chuid d'iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, fianaise a bhaineann le hábhar do shuimeanna agus do rialtacht na n-idirbheart airgeadais atá san áireamh sa chuntas chomh maith le measúnú i dtaca leis an gceist ar cloíodh le forálacha cuntasaíochta *Ghnáthaimh Airgeadais Phoiblí* na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Tá i gceist leis an iniúchadh dóthain fianaise a fháil le ráthaíocht réasúnta a sholáthar go bhfuil an cuntas leithghabhála saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chaimiléireacht nó mírialtacht nó earráid eile. Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Agus an tuairim iniúchta á cur in iúl, déantar measúnú faoi leordhóthanacht iomlán chur i láthair na faisnéise sa chuntas leithghabhála.

***Tuairim faoin gcuntas leithghabhála***

I mo thuairimse, léiríonn an cuntas leithghabhála go cuí fáltais agus caiteachas Vóta 33 Na hEalaíona, Oidhreacht agus an Ghaeltacht don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2015.

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte agam a measaim iad a bheith riachtanach do chuspóirí m'iniúchta. I mo thuairimse, coimeádadh taifid chuntasaíochta leordhóthanacha ag an An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta. Réitíonn an cuntas leithghabhála leis na taifid chuntasaíochta.

***Neamhchomhlíonadh na Rialacha Soláthair***

Nocht an tOifigeach Cuntasaíochta sa ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais gur tharla áisc ábhartha neamhchomhlíonadh na rialacha náisiúnta soláthair i dtaca le conarthaí a bhí ag feidhmiú i 2015.

**Seamus MacCárthaigh**

Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

18 Lúnasa 2016

# Vóta 33 Na hEalaíona, Oidhreacht agus an Ghaeltacht
# Cuntas Leithreasa 2015

| | | | | 2015 | 2014 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | **Soláthar an Mheastacháin** | **Táirgeacht** | **Táirgeacht** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| | **Caiteachas cláir** | | | | |
| A | Na hEalaíona, Cultúr agus Scannán | | | | |
| | *Soláthar na bliana reatha* | 156,515 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 2,216 | 158,731 | 151,245 | 129,288 |
| B | Oidhreacht | | | | |
| | *Soláthar na bliana reatha* | 39,297 | | | |
| | *Géilleadh Iarchurtha* | 3,750 | 43,047 | 43,829 | 48,344 |
| C | An Ghaeilge, an Ghaeltacht agus na hOileáin | | | | |
| | *Soláthar na bliana reatha* | 43,063 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 250 | 43,313 | 42,381 | 40,389 |
| D | Comhoibriú Thuaidh-Theas | | 38,559 | 39,482 | 39,145 |
| | **Ollchaiteachas** | | | | |
| | *Soláthar na bliana reatha* | 277,434 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 6,216 | | | |
| | | | **283,650** | **276,937** | **257,166** |
| | **Lúide** | | | | |
| E | **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **4,605** | **6,788** | **5,904** |
| | **Glanchaiteachas** | | | | |
| | *Soláthar na bliana reatha* | 272,829 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 6,216 | | | |
| | | | **279,045** | **270,149** | **251,262** |

**Barrachas i gcomhair géillte**

Tá an barrachas ar an méid atá curtha ar fáil os cionn an mhéid ghlain fheidhmithe dlite i gcomhair géillte don Státchiste. Faoi alt 91 den Acht Airgeadais 2004, is féidir gach cuid nó cuid de na leithreasaí do sheirbhísí soláthair caipitil gan chaitheamh a thabhairt ar aghaidh i gcomhair a gcaithimh an bhliain dar gcionn.

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Barrachas | 8,895,773 | 8,195,950 |
| Géilleadh iarchurtha | (6,158,000) | (6,216,000) |
| Barrachas le géilleadh | 2,737,773 | 1,979,950 |

**Anailís ar chaiteachas riaracháin**

| | | 2015 | | 2014 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar an Mheastacháin** | **Táirgeacht** | **Táirgeacht** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pánna agus liúntais | 29,392 | 30,076 | 29,865 |
| ii | Taisteal agus cothú | 1,463 | 1,024 | 1,032 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 1,007 | 646 | 496 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 626 | 453 | 494 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF | 2,005 | 1,897 | 1,248 |
| vi | Costais áitreabh oifige | 795 | 632 | 649 |
| vii | Seirbhísí comhairliúcháin agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaí | 100 | 34 | 7 |
| | | 35,388 | 34,762 | 33,791 |

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## 1 Ráiteas Costais Oibriúcháin 2015

| | | 2015 | 2014 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Costas an chláir | | 242,175 | 223,375 |
| Pá | | 30,076 | 29,865 |
| Neamhphá | | 4,686 | 3,926 |
| **Ollchaiteachas** | | **276,937** | **257,166** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **6,788** | **5,904** |
| **Glanchaiteachas** | | **270,149** | **251,262** |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Airgead ceannachán | (4,234) | | |
| Coigeartuithe sócmhainní | (280) | | |
| Dímheas | 1,376 | | |
| Caillteanas ar dhiúscairtí | 3 | | |
| | | (3,135) | 47 |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Méadú ar fhabhruithe deiridh | 175 | | |
| Laghdú ar stoc | 26 | | |
| | | 201 | (239) |
| **Caiteachas díreach** | | **267,215** | **251,070** |
| **Caiteachas a íocadh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (Nóta 1.1) | | 16,482 | 15,021 |
| Measchíosanna | | 697 | 648 |
| **Glanchostas an chláir** | | **284,394** | **266,739** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar Sheirbhísí Gaolmhara

Cuimsíonn an tsuim i ndáil le glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara na suimeanna measta seo a leanas a bhaineann le Vóta 33 agus a íocadh in áit eile.

| | | 2015 | 2014 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | m | 30 | 30 |
| Vóta 12 Aoisliúntais agus Liúntais Scoir | m | 8,980 | 8,448 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | m | 6,575 | 5,604 |
| Vóta 18 Seirbhís Chomhroinnte | m | 52 | — |
| Vóta 24 Dlí agus Ceart & Comhionannas - Ionad na Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais | m | 662 | 810 |
| Ciste Lárnach - pinsin Aireachta | m | 183 | 129 |
| | | 16,482 | 15,021 |

Léiríonn ‘m’ gur luach measta nó costas leithroinnte atá san uimhir

Coigeartaíodh toradh 2014 maidir le Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntas Ar Scor (€8,448,000) ón bhfigiúr a bhí le feiceáil i gCuntas 2014 (€2,500,000) le go léireofaí ar bhealach níos cruinne aithint na foirne ar scor laistigh de bhunachar sonraí Vóta 12 leis an Roinn óna ndeachaigh siad ar scor.

## 2 Clár Comhordaithe mar a bhí ar an 31 Nollaig 2015

| | Nóta | 2015 €000 | 2014 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | 2.2 | 55,166 | 50,031 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.3 | 11,392 | 8,098 |
| Stoic | 2.4 | 298 | 324 |
| Réamhíocaíochtaí | | 1,526 | 1,676 |
| Ioncam fabhraithe | | 104 | 199 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.5 | 421 | 3,043 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **13,741** | **13,340** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Costais fabhraithe | | 2,320 | 390 |
| Iarmhéideanna sochair eile | 2.6 | 5,265 | 3,895 |
| Glandliteanas don Státchiste | 2.7 | 6,548 | 7,246 |
| Iomlán na ndliteanas reatha | | **14,133** | **11,531** |
| **Glandliteanas reatha** | | 392 | 1,809 |
| **Glansócmhainní** | | **54,774** | **51,840** |
| **Ionannaithe ag:** | | | |
| **Cuntas chiste an Stáit** | 2.1 | **54,774** | **51,840** |

| **2.1 Cuntas Chiste an Stáit** | **Nóta** | **€000** | **2015 €000** | **2014 €000** |
|---|---|---|---|---|
| Iarmhéid ar an 1 Eanáir | | | 51,840 | 51,648 |
| Eisíocaíochtaí ón Vóta | | | | |
| Soláthar an mheastacháin | Cuntas | 279,045 | | |
| Géilleadh Iarchurtha | Cuntas | (6,158) | | |
| Barrachas le géilleadh | Cuntas | (2,738) | | |
| Vóta glan | | | 270,149 | 251,262 |
| Caiteachas (airgead tirim) a íocadh in áit eile | 1 | | 16,482 | 15,021 |
| Caiteachas neamhairgid - measchíos | 1 | | 697 | 648 |
| Glanchostas an chláir | 1 | | (284,394) | (266,739) |
| **Iarmhéid ar an 31 Nollaig** | | | **54,774** | **51,840** |

**2.2 Sócmhainní caipitil**

| | Talamh agus foirgnimh | Fearais agus innealra | Trealamh oifige agus TF[a] | Troscán agus feistis | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| Costas tosaig ag 1 Eanáir 2015h | 46,424 | 7,006 | 8,747 | 4,004 | 66,181 |
| Breiseanna | 5,312 | 342 | 548 | 32 | 6,234 |
| Aistriú isteach [b] | — | — | 4 | — | 4 |
| Coigeartuithe [c] | 58 | 28 | 84 | 110 | 280 |
| Diúscairtí | — | (209) | (322) | (26) | (557) |
| Costas scoir ag 31 Nollaig 2015 | 51,794 | 7,167 | 9,061 | 4,120 | 72,142 |
| **Dímheas carntha** | | | | | |
| Dímheas tosaigh ag 1 Eamáir 2015 | 509 | 6,453 | 6,812 | 2,376 | 16,150 |
| Táille dhímheasa don bhliain | 240 | 240 | 738 | 128 | 1,346 |
| Dímheas ar sócmhainní aistriú isteach | — | — | 4 | — | 4 |
| Dímheas ar choigeartú | — | 28 | 2 | — | 30 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | — | (208) | (321) | (25) | (554) |
| Dímheas scoir at 31 Nollaig 2015 | 749 | 6,513 | 7,235 | 2,479 | 16,976 |
| **Glanluach de réir na Leabhar 31 Nollaig 2015** | **51,045** | **654** | **1,826** | **1,641** | **55,166** |
| **Glanluach de réir na Leabhar 31 Nollaig 2014** | **45,915** | **553** | **1,935** | **1,628** | **50,031** |

[a] Cuireann an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil seirbhís bainistithe TFC ar fáil do shócmhainní TF an Rannáin Oidhreachta thar ceann na Roinne Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta. Tá siad sin cláraithe ar an gclár sócmhainní. Tá tús curtha ag an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil le próiseas in 2014 chun sceideal comhaontaithe a chur i dtoll a chéile de shócmhainní uile TFC oidhreachta atá á mbainistiú thar ceann na Roinne Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta i gcás go n-athrófaí téarmaí na seirbhíse bainistithe reatha nó go gcuirfí críoch léi amach anseo agus go mbeadh gá sócmhainní a aistriú.

[b] Baineann na sócmhainní a aistríodh le trealamh oifige ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil go dtí an Roinn.

[c] Coigeartú maidir le míreanna roimh 2015 a cuireadh isteach i gClár na Sócmhainní Dochta in 2015

| **2.3 Banc agus Airgead Tirim** | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| ar an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Airgead agus iarmhéideanna an Phámháistir Ghinearálta | 11,323 | 8,043 |
| Cuntais bainc tráchtála [a] | 69 | 55 |
| | 11,392 | 8,098 |

[a] Áiríonn iarmhéid an chuntais bhainc tráchtála €66,591 in 2015 (2014: €46,000) i ndáil le cuntais bainc tráchtála a fheidhmíonn an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais - Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais.

| **2.4 Stoic** | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| ar an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Bunábhar tógála agus fearais bheaga | 66 | 58 |
| Breoslaí agus leasacháin | 27 | 32 |
| Stáiseanóireacht | 20 | 17 |
| Tomhaltáin trealaimh | 8 | 10 |
| Soláthairtí feighlithe agus garchabhair | 21 | 8 |
| Tomhaltáin TF | 48 | 51 |
| Earraí Ilghnéitheacha | 56 | 87 |
| Beostoc | 52 | 61 |
| | 298 | 324 |

| **2.5 Iarmhéideanna Dochair Eile** | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| ar an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Ciste Comhshaoil | 130 | 1,589 |
| Oifig na nOibreacha Poiblí | 95 | 527 |
| Cuntas fionraí párolla (Paypath) | 48 | 554 |
| Míreanna eile dochair atá ar fionraí | 148 | 373 |
| | 421 | 3,043 |

| **2.6 Iarmhéideanna Sochair Eile** | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| ar an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Méideanna atá dlite don Stát | | |
| Cáin Ioncaim | 588 | 426 |
| Árachas Sóisialta Pá-Choibhneasta | 303 | 214 |
| Cáin Iarchoimeádta Seirbhísí Gairmiúla | 143 | 178 |
| Cáin Chonarthaí Iomchuí | 13 | 2 |
| Cáin Bhreisluacha | 133 | 181 |
| Asbhaintí pinsin | 100 | 146 |
| | 1,280 | 1,147 |
| Ciste Tiomnachta Crowley (Nóta 7.2) | 408 | 409 |
| Aran LIFE | 581 | 792 |
| Kerry LIFE | 941 | 1,210 |
| Tionscadal LIFE na bPortach Ardaithe | 1,672 | — |
| Eile | 383 | 337 |
| | 5,265 | 3,895 |

| **2.7 Glandliteanas don Státchiste** | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| ar an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Barrachas le géilleadh | 2,738 | 1,980 |
| Géilleadh iarchurtha | 6,158 | 6,216 |
| Deontas neamhtharraingte an Státchiste | (2,348) | (950) |
| Glandliteanas don Státchiste | 6,548 | 7,246 |
| | | |
| **Ionannaithe ag:** | | |
| | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 11,392 | 8,098 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 421 | 3,043 |
| | 11,813 | 11,141 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (1,280) | (1,147) |
| Iarmhéideanna sochair: fionraí | (3,985) | (2,748) |
| | (5,265) | (3,895) |
| | | |
| | 6,548 | 7,246 |

| **2.8 Ceangaltais** | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| ar an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| **Ceangaltais ilréimseacha** | | |
| | | |
| An Scéim um Chúitimh Móna | 24,869 | 22,182 |
| Na hOileáin | 13,032 | 14,177 |
| Scéimeanna Tacaíochta Gaeltachta | 8,589 | 6,334 |
| ACCESS (deontais forbartha cultúir) | 5,384 | 5,378 |
| Scéimeanna Tacaíochta Gaeilge | 9,210 | 4,520 |
| Tionscadail chaipitil ealaíon eile | 1,617 | 3,643 |
| Deich mBliana na gCuimhneachán 1912-1922 | 10,830 | — |
| Ionad Imeachtaí Chorcaí | 11,000 | — |
| Oidhreacht Nádúrtha (an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra) | 3,119 | 1,660 |
| Deontais agus seirbhísí agus earraí soláthraithe eile | 3,660 | 2,139 |
| Iomlán na gceangaltas atá in-fhorghníomhaithe le dlí | 93,310 | 60,033 |

**Athrúcháin Shuntasacha**

Cuirtear míniú ar fáil thíos i gcás ina bhfuil gealltanas méadaithe faoi níos mó ná €500,000 ó 2014 go 2015

| Fo-mhírcheann | Méid an mhéadaithe €000 | Míniú |
|---|---|---|
| An Scéim um Chúitimh Móna | 2,687 | Faoin 31 Nollaig 2015, bhí 215 conradh breise aontaithe faoin scéim, le hais an mhéid a bhí aontaithe ar an 31 Nollaig 2014. |
| Scéimeanna Tacaíochta Gaeltachta | 2,255 | Tá an méadú tarlaithe mar thoradh ar thimthriall nua de ghealltanais ilbhliantúla ar tugadh fúthu in 2015 maidir le Scéimeanna Tacaíochta Gaeltachta |
| Scéimeanna tacaíochta Gaeilge | 4,690 | Tá an méadú tarlaithe mar thoradh ar thimthriall nua de ghealltanais ilbhliantúla ar tugadh fúthu in 2015 maidir le Scéimeanna Tacaíochta Gaeilge |
| Deich mBliana na gCuimhneachán 1912-1922 | 10,830 | Is léiriú é seo ar ghealltanais nua ar tugadh fúthu in 2015 chun Éire 2016: Clár Comórtha Céad Bliain an Rialtais a chur i gcrích |
| Ionad Imeachtaí Chorcaí | 11,000 | Léiríonn an figiúr seo gealltanas nua ar tugadh faoi in 2015 maidir leis an tionscadal seo, i gcomhréir leis an leithdháileadh ceadaithe i bPlean Infheistíochta Caipitil an Rialtais 2016-2021. |
| Deontais agus seirbhísí agus earraí soláthraithe eile | 1,521 | Is léiriú é seo ar ghealltanais nua ar tugadh fúthu in 2015 chun gné idirnáisiúnta Éire 2016: Clár Comórtha Céad Bliain an Rialtais a chur i gcrích. |

| **2.9 Dliteanais Aibithe** ar an 31 Nollaig | **2015** **€000** | **2014** **€000** |
|---|---|---|
| Meastachán de dhliteanais aibithe nach raibh scaoilte amach ag deireadh na bliana | 1 | 16 |

## 3 Caiteachas Cláir de réir Fho-mhírcheann

| | | | 2015 | | 2014 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | **Soláthar an Mheastacháin** | **Táirgeacht** | **Táirgeacht** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **A** | **Na hEalaíona, Cultúr agus Scannán** | | | | |
| A.1 | Riarachán - Pá | | 5,874 | 5,866 | 5,771 |
| A.2 | Riarachán - Neamhphá | | 1,405 | 1,030 | 897 |
| A.3 | Íocaíochtaí chun acmhainní arna nginiúint ag an gCartlann Náisiúnta a mheaitseáil | | 40 | 40 | 40 |
| A.4 | Costais ghinearálta na Cartlainne Náisiúnta agus na Comhairle um an gCartlann Náisiúnta | | 1,366 | 1,304 | 1,190 |
| A.5 | Costais ghinearálta Áras Nua-Ealaíne na hÉireann, Leabharlann Chester Beatty, an Cheolárais Náisiúnta agus Áiléar Crawford | | 10,858 | 10,858 | 10,437 |
| A.6 | Iarsmalanna, gailearaithe, ionaid chultúrtha agus tionscadail réigiúnacha | | 3,200 | 3,143 | 3,180 |
| A.7 | Infreastruchtúr agus forbairt chultúrtha | | 13,750 | 11,475 | 5,909 |
| A.8 | Cultúr Éireann | | 2,500 | 2,500 | 3,158 |
| A.9 | An Chomhairle Ealaíon (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | | 58,893 | 58,593 | 56,668 |
| A.10 | Costais ghinearálta Ard-Mhúsaem na hÉireann | | 12,304 | 12,304 | 11,864 |
| A.11 | Costais ghinearálta Leabharlann Náisiúnta na hÉireann | | 7,075 | 7,075 | 6,340 |
| A.12 | Bord Scannán na hÉireann | | 13,962 | 14,512 | 13,962 |
| A.13 | Costais ghinearálta Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann | | 7,757 | 7,757 | — |
| A.14 | Cathair Náisiúnta an Chultúir | | 1 | 383 | 7,117 |
| A.15 | Deich mBliana na gCuimhneachán 1912-1922 | | | | |
| | *Soláthar na bliana reatha* | 17,530 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 1,216 | 18,746 | 13,405 | 1,999 |
| A.16 | Ionad Imeachtaí Chorcaí | | | | |
| | *Soláthar na bliana reatha* | — | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 1,000 | 1,000 | 1,000 | — |
| A.17 | EXPO Milano | | — | — | 756 |
| | | | **158,731** | **151,245** | **129,288** |

[a] Níl figiúr comparáideach 2014 do A13, Costais Ghinearálta Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann, san áireamh thuas mar go raibh a Vóta féin (34) ag an nGailearaí Náisiúnta in 2014. Ba é €10,495,000 an t-ollchaiteachas, roimh leithreasaí-i-gcabhair, i Vóta 34 in 2014. Tar éis Leithreasaí-i-gcabhair de €3,231,000 a bheith bainte as, ba é €7,264,000 an glanchaiteachas i Vóta 34 in 2014.

**Athrúcháin shuntasacha**

Ina iomláine, bhí an caiteachas a bhain le Clár A €7.49 milliún níos airde/ísle ná mar a bhí curtha ar fáil. Ba é an méid seo a leanas ba chúis leis sin go príomha:

| **Cur Síos** | **Níos lú/(mó) ná mar a cuireadh ar fáil**<br>**€000** | **Míniú** |
|---|---|---|
| Riarachán - neamhphá | 375 | Tháinig an choigilt chun cinn de bharr caiteachas a bhí níos lú ná mar a bhíothas ag tuar sna réimsí taisteal agus cothú, oiliúint agus TF. Déantar monatóireacht ghníomhach ar chaiteachas sna réimsí seo chun a chinntiú go gcoinnítear costais síos. |
| Infreastruchtúr agus forbairt chultúir | 2,275 | Tharla an t-athrúchán mar gheall nach ndearna roinnt tionscadal caipitil dul chun cinn chomh tapa is a bhíothas ag súil leis. Baineann formhór an tearc-chaiteachas le Tionscadal Caipitil an Ghailearaí Náisiúnta. |
| Cathair Náisiúnta an Chultúir | (382) | Mar thoradh ar iarratas ó Chomhairle Contae agus Cathrach Luimnigh in 2014, cheadaigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe vírmint suas le €1.5 milliún chuig fo-mhírcheann A.14 Cathair Náisiúnta an Chultúir as coigiltis féideartha ar an Vóta. Mar a tharla, níor cuireadh ach €1.1 milliún leis an tionscadal. In 2015, rinne Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh iarratas ar an iarmhéid den leithdháileadh €1.5 milliún. Fuarthas cead breise ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe do vírmint suas le €383,000 chuig fo-mhírcheann A.14 Cathair Náisiúnta an Chultúir ó choigiltis ar an Vóta in 2015. |
| Deich mBliana na gCuimhneachán 1912-1922 | 5,341 | Tháinig coigiltis chun cinn de bharr dul chun cinn níos moille ná mar a bhíothas ag súil leis i ndáil le roinnt tionscadal cuimhneacháin. Tugadh €5.3 milliún den choigilteas sin chun cinn mar ghéilleadh iarchurtha isteach in 2016. |

| | | | | 2015 | 2014 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | **Soláthar an Mheastacháin** | **Táirgeacht** | **Táirgeacht** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **B** | **Oidhreacht** | | | | |
| B.1 | Riarachán - pá | | 18,841 | 19,775 | 19,734 |
| B.2 | Riarachán - neamhphá | | 2,733 | 2,629 | 2,174 |
| B.3 | Deontas don Chomhairle Oidhreachta (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | | 4,743 | 4,743 | 4,493 |
| B.4 | Oidhreacht thógtha | | 2,363 | 2,316 | 2,323 |
| B.5 | Oidhreacht nádúrtha (an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra) | | | | |
| | *Soláthar na bliana reatha* | 9,292 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 3,750 | 13,042 | 13,522 | 14,296 |
| B.6 | Iontaobhas Oidhreachta na hÉireann | | 324 | 324 | 324 |
| B.7 | Scéim Giarála Post don Oidhreacht Thógtha | | 1 | — | 5,000 |
| B.8 | Athchóiriú tailte móna | | 1,000 | 520 | — |
| | | | **43,047** | **43,829** | **48,344** |

**Athrúcháin shuntasacha**

Ina iomláine, bhí an caiteachas a bhain le Clár B €782,000 níos airde ná mar a bhí curtha ar fáil. Ba é an méid seo a leanas ba chúis leis sin go príomha:

| **Cur Síos** | **Níos lú/(mó) ná mar a cuireadh ar fáil**<br>**€000** | **Míniú** |
|---|---|---|
| Riarachán - neamhphá | (934) | D'eascair an costas breise seo mar gheall ar mhionchoigeartú chionroinnt na gcostas corparáideach le go léireofaí ar bhealach níos fearr an tacaíocht a sholáthraítear trasna na réimsí cláir. |
| Athchóiriú tailte móna | 480 | Ní dheachaigh an clár athchóirithe tailte móna chun cinn chomh tapa is a bhíothas ag súil leis mar nár cuireadh na pleananna d'athchóiriú na suíomhanna chun cinn sách fada chun deis a thabhairt tabhairt faoi mhóroibreacha ar na tailte móna ainmnithe. |

| | | | 2015 | | 2014 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | **Soláthar an Mheastacháin** | **Táirgeacht** | **Táirgeacht** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **C** | **An Ghaeilge, an Ghaeltacht agus na hOileáin** | | | | |
| C.1 | Riarachán - pá | | 3,703 | 3,286 | 3,255 |
| C.2 | Riarachán - neamhphá | | 1,143 | 613 | 467 |
| C.3 | Scéimeanna Tacaíochta Gaeltachta | | 7,522 | 7,549 | 7,555 |
| C.4 | Scéimeanna Tacaíochta Gaeilge (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | | 3,695 | 3,692 | 3,768 |
| C.5 | An Coimisinéir Teanga | | 670 | 669 | 566 |
| C.6 | Údarás na Gaeltachta - riarachán | | 8,798 | 8,798 | 8,798 |
| C.7 | Údarás na Gaeltachta - caiteachas an chláir reatha | | 3,000 | 3,000 | 3,000 |
| C.8 | Údarás na Gaeltachta – deontais do thionscadail agus do chaiteachas caipitil ar áitribh | | 6,687 | 6,687 | 5,687 |
| C.9 | Na hOileáin | | 6,544 | 6,541 | 6,543 |
| C.10 | An Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010 - 2030 | | 551 | 546 | 500 |
| C.11 | Deich mBliana na gCuimhneachán - Teach an Phiarsaigh | | | | |
| | *Soláthar na bliana reatha* | 750 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 250 | 1,000 | 1,000 | 250 |
| | | | **43,313** | **42,381** | **40,389** |

**Athrúcháin shuntasacha**

Ina iomláine, bhí an caiteachas a bhain le Clár C €932,000 níos ísle ná mar a bhí curtha ar fáil. Ba é an méid seo a leanas ba chúis leis sin go príomha:

| **Cur Síos** | **Níos lú/(mó) ná mar a cuireadh ar fáil €000** | **Míniú** |
|---|---|---|
| Riarachán - pá | 417 | D'eascair an coigilteas seo mar gheall ar mhionchoigeartú chionroinnt na gcostas corparáideach le go léireofaí ar bhealach níos fearr an tacaíocht a sholáthraítear trasna na réimsí cláir. |
| Riarachán - neamhphá. | 530 | Tháinig an choigilt chun cinn de bharr caiteachas a bhí níos lú ná mar a bhíothas ag tuar sna réimsí taisteal agus cothú, oiliúint agus TF. Déantar monatóireacht ghníomhach ar chaiteachas sna réimsí seo chun a chinntiú go gcoinnítear costais síos. |

| | | 2015 | | 2014 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar an Mheastacháin** | **Táirgeacht** | **Táirgeacht** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **D** | **Comhoibriú Thuaidh-Theas** | | | |
| D.1 | Riarachán - Pá | 974 | 1,149 | 1,105 |
| D.2 | Riarachán - Neamhphá | 715 | 414 | 388 |
| D.3 | An Foras Teanga | 13,444 | 13,468 | 13,469 |
| D.4 | Uiscebhealaí Éireann | 23,426 | 24,451 | 24,183 |
| | | **38,559** | **39,482** | **39,145** |

**Athrúcháin shuntasacha**

Ina iomláine, bhí an caiteachas a bhain le Clár A €923,000 níos airde ná mar a bhí curtha ar fáil. Ba é an méid seo a leanas ba chúis leis sin go príomha:

| **Cur Síos** | **Níos lú/(mó) ná mar a cuireadh ar fáil €000** | **Míniú** |
|---|---|---|
| Riarachán - neamhphá. | 301 | Tháinig an choigilt chun cinn de bharr caiteachas a bhí níos lú ná mar a bhíothas ag tuar sna réimsí taisteal agus cothú, oiliúint agus TF. Déantar monatóireacht ghníomhach ar chaiteachas sna réimsí seo chun a chinntiú go gcoinnítear costais síos. |
| Uiscebhealaí Éireann | (1,025) | Cheadaigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe caiteachas breise chun infrastruchtúr loingseoireachta agus gaolmhar na n-uiscebhealaí intíre a chothabháil agus chun struchtúir ríthábhachtacha a dheisiú. |

# 4 Fáltais

| 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair | | 2015 | | 2014 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Measta** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1. | An Chartlann Náisiúnta | 40 | 45 | 45 |
| 2. | Fáltais ilghnéitheacha | 705 | 1,573 | 970 |
| 3. | Cíosanna (lena n-áirítear fáltais ó chearta iascaigh a ligean etc.) | 100 | 148 | 128 |
| 4. | Seirbhísí agus muirir ag suíomhanna páirceanna náisiúnta agus fiadhúlra | 315 | 1,066 | 871 |
| 5. | Fáltais ó asbhaintí a bhaineann le pinsin ar luach saothair sa tseirbhís phoiblí | 3,445 | 3,942 | 3,871 |
| 6. | Díol maoine | — | 12 | 5 |
| 7. | Íobairt tuarastail Sráid Haddington | — | 2 | 14 |
| | **Iomlán** | **4,605** | **6,788** | **5,904** |

**Míniú ar athrúcháin shuntasacha**

Cuirtear míniú ar fáil thíos i gcás gach ceannteideal sa chás go raibh éagsúlacht de níos mó ná €100,000, agus de níos mó ná 5%, idir an táirgeacht agus an méid a measadh.

| Cur Síos | (níos lú)/níos mó ná mar a bhí measta €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Fáltais ilghnéitheacha | 868 | Baineann an difríocht le fáltais níos airde pinsean ná mar a bhíothas ag súil leo ó Ghníomhaireachtaí. |
| Seirbhísí agus muirir ag suíomhanna páirceanna náisiúnta agus fiadhúlra | 751 | Baineann an difríocht le leibhéal níos airde fáltas ná mar a bhíothas ag súil leis sna páirceanna páisiúnta, rud a léiríonn líon maith cuairteoirí ar na háiseanna seo |
| Fáltais ó asbhaintí a bhaineann le pinsin ar luach saothair sa tseirbhís phoiblí | 497 | Baineann an difríocht le fáltais níos airde tobhach asbhaintí a bhaineann le pinsin ná mar a bhíothas ag súil leo ó ghníomhaireachtaí |

### 4.2 Fáltais Bhreise Státchiste

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid ar an 1 Eanáir | 12 | 9 |
| Fáltais ó iasachtaí Gaeltachta | 9 | 12 |
| Aistrithe chuig an Státchiste | (12) | (9) |
| Iarmhéid ar an 31 Nollaig | 9 | 12 |

## 5 Líon agus Pá na bhFostaithe

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| **Líon foirne ag deireadh na bliana** (ionann is lánaimseartha) | | |
| Roinn | 552 | 561 |
| Gníomhaireachtaí | 1,008 | 917 |
| | 1,560 | 1,478 |

| | 2015[a] | 2014[b] |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 67,286 | 61,921 |
| Liúntais d'ard-dualgais, do dhualgais speisialta nó do dhualgais bhreise | 90 | 130 |
| Liúntais eile | 920 | 934 |
| Ragobair | 1,649 | 1,693 |
| ÁSPC an fhostóra | 5,814 | 5,234 |
| **Pá Iomlán** | **75,759** | **69,912** |

[a] Cuimsíonn an figiúr iomlán pá do 2015 gnéithe pá ó na fo-mhírchínn seo a leanas: A1, A5, A9, A10, A11, A12, A13, B1, B3, C1, C5, C6, D1, D3, D4.

Ní ionann figiúr pá an Státchiste mar a nochtadh sna Meastacháin Athbhreithnithe is iomlán an phá don líon foirne a nochtadh faoi Nóta 5. I gcás na bhforas forfheidhmithe Thuaidh/Theas, maoiníonn na ranna urraíochta sa dá dhlínse an caiteachas ar phá ar bhonn pro-rata.

[b] Ní áirítear A13, Costais Ghinearálta Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann i bhfigiúirí comparáideacha 2014 mar go raibh a Vóta féin (34) ag an nGailearaí Náisiúnta in 2014.

**5.1 Liúntais agus Íocaíochtaí Ragoibre**

| | **Líon faighteoirí** | **Faighteoirí €10,000 nó níos mó** | **Uasíocaíocht aonair 2015 €** | **Uasíocaíocht aonair 2014 €** |
|---|---|---|---|---|
| Ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 48 | 2 | 12,004 | 17,742 |
| Liúntais eile | 573 | 4 | 20,339 | 18,307 |
| Ragobair | 521 | 32 | 20,352 | 23,435 |
| Líon daoine a fuair luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin. | 399 | 62 | 25,706 | 25,976 |

Tá na sonraí i ndáil le liúntais agus íocaíochtaí ragoibre a bhaineann le foireann comhlachtaí/gníomhaireachtaí bunaithe ar thuairisceáin a chuireann na comhlachtaí/gníomhaireachtaí sin isteach amháin.

**5.2 Socruithe Eile Luach Saothair**

Athfhostaíodh ar chostas iomlán de €36,651 5 státseirbhíseach atá ar scor agus atá ag fáil pinsin státseirbhíse. Níor cuireadh lacáiste pinsin i bhfeidhm mar nár measadh go raibh sé infheidhme sna cásanna seo.

**5.3 Ró-íocaíochtaí Párolla**

Ba é €11,793 (9 gcás) (2014: €10,981, 12 chás) na ró-íocaíochtaí ag deireadh na bliana. As sin, tá pleananna aisghabhála in áit do €11,324 (7 gcás).

# 6 Ilghnéithe

**6.1 Cistiú an Chrannchuir Náisiúnta**

| | | 2015 | | 2014 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Meastachán** | **Táirgeacht** | **Táirgeacht** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Fo-mhírcheann** | **Cur Síos** | | | |
| A.9 | An Chomhairle Ealaíon (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | 58,893 | 58,593 | 56,668 |
| B.3 | Deontas don Chomhairle Oidhreachta (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | 4,743 | 4,743 | 4,493 |
| C.4 | Scéimeanna Tacaíochta Gaeilge (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | 3,695 | 3,692 | 3,768 |
| | | 67,331 | 67,028 | 64,929 |

Tá liosta iomlán na ndeontaithe faoi fho-mhírcheann C.4 ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta (www.ahg.gov.ie).

## 6.2 Costais Dlí

| | **Líon na gcásanna** | **Costais dlí a d'íoc an Roinn** | **Cúiteamh a bronnadh** | **Costais dlí a bronnadh** | **2015 Iomlán** | **2014 Iomlán** |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Éilimh ag fostaithe an vóta** | 1 | — | 36 | — | 36 | 1 |
| **Éilimh ag baill an phobail** | 12 | 60 | 81 | — | 141 | 55 |
| | | 60 | 117 | — | 177 | 56 |

| **6.3 Ús ar Íocaíochtaí Déanacha** | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iomlán na níocaíochtaí úis atá dlite | 3 | 23 |

**6.4 Caillteanas Sócmhainní**

Leanadh leis an imscrúdú ar chuir an Garda Síochána tús leis in 2012 i ndáil le caillteanas roinnt earraí a bhí coinnithe i stóráil phríobháideach thar ceann na Roinne Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta. Níl aon choigeartú déanta ar na figiúirí taifeadta i Nóta 2.2, go dtí go mbeidh an t-imscrúdú críochnaithe ag na Gardaí.

**6.5 Tugtha ar Aghaidh go 2016**

Faoi alt 91 den Acht Airgeadais 2004, tugadh €6.158 milliún de leithdháileadh i dtaca le gnéithe caipitil d'fho-mhírchinn A7 (€0.858 milliún) agus A15 (€5.3 milliún) ar aghaidh go 2016.

# 7 Cuntais Ilghnéitheacha

**7.1 Íocaíochtai i leith chostais ghinearálta Áras Nua-Ealaíne na hÉireann, Leabharlann Chester Beatty, an Cheoláraus Náisiúnta agus Áiléar Crawford (Fo-mhírcheann A.5).**

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Íocaíochtaí** | | |
| Áras Nua-Ealaíne na hÉireann | 4,807 | 4,707 |
| Leabharlann Chester Beatty | 2,400 | 2,300 |
| An Ceoláras Náisiúnta | 2,400 | 2,300 |
| Áiléar Crawford, Corcaigh | 1,251 | 1,130 |
| | 10,858 | 10,437 |

**7.2 Ciste Tiomnachta Crowley**

Ghlac an Stát leis an tiomnacht i 1997, le húsáid chun tabhairt faoi thionscadal a bhain le liostú, micreascannánú agus foilsiú taifid Oifig an Phríomh-Rúnaí don tréimhse 1815-1853. Baineann an táille ar an gciste le costais chaomhantais agus tuarastail a bhaineann leis an tionscadal.

**Cuntais na bhfáltas agus na n-íocaíochtaí don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2015**

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid ar an 1 Eanáir | 409 | 411 |
| Fáltais | 75 | 35 |
| Íocaíochtaí | (76) | (37) |
| Iarmhéid ar an 31 Nollaig | 408 | 409 |

**7.3 Ráiteas Iasachtaí do Thithe Gaeltachta**

Iasachtaí a eisíodh ar mhaithe le tithíocht Ghaeltachta faoi Achtanna na dTithe (Gaeltacht) 1929 go 2011 agus aisíocaíochtaí ina leith:

| | | 2015 | 2014 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid tosaigh ar an 1 Eanáir | | 189 | 201 |
| Ús pionósach bliantúil a fabhraíodh | | 4 | 4 |
| Díscríobh iasachtaí | | — | — |
| Díscríobh úis | | (1) | (4) |
| **Aisíocaíochtaí** | | | |
| Príomhshuim | (7) | | |
| Ús | (2) | (9) | (12) |
| Iarmhéid deiridh ar an 31 Nollaig | | 183 | 189 |

# Aguisín

**Tailte agus foirgnimh faoi úinéireacht an Stáit atá á rialú nó á mbainistiú ag an Roinn nach bhfuil luachálacha acu**

Tá an Roinn ag bainistiú sé láthair Páirce Náisiúnta faoi láthair, eadhon

1 Páirc Náisiúnta Bhaile Chruaich
2 Páirc Náisiúnta Bhoirne
3 Páirc Náisiúnta Chonamara
4 Páirc Náisiúnta Ghleann Bheatha
5 Páirc Náisiúnta Chill Airne
6 Páirc Náisiúnta Shléibhte Chill Mhantáin

In 2013, chuir an Roinn tús le tionscadal fadtéarma atá dírithe ar an mbunachar sonraí leictreonach d'fhaisnéis ar mhaoine a fhorbairt i dtaca leis an talamh agus na foirgnimh atá faighte ag an Roinn. Leanadh leis an obair seo in 2015.